Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**10383/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0179 (NLE)**

**ECOFIN 809**
**UEM 306**
**FIN 697**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Meitheamh 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 329 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10154/21 INIT; ST 10154/21 ADD 1) an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Danmhairge |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 329 final.

Faoi iamh: COM(2025) 329 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 16.6.2025
COM(2025) 329 final

2025/0179 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10154/21 INIT; ST 10154/21 ADD 1) an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Danmhairge**

2025/0179 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10154/21 INIT; ST 10154/21 ADD 1) an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Danmhairge

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis don Danmhairg an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur isteach an 30 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. D'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021[2]. Leasaíodh an Cinneadh Cur Chun Feidhme sin ón gComhairle an 9 Samhain 2023[3], an 10 Nollaig 2024[4].

(2) An 21 Bealtaine 2025, rinne an Danmhairg iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an Danmhairg.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Danmhairg isteach de bharr imthosca oibiachtúla, baineann siad le 15 bheart.

(4) Mhínigh an Danmhairg go ndearnadh 13 bheart a leasú chun rogha mhalartach níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus cuspóirí na

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

[2] ST 10154/21 INIT; ST 10154/21 ADD 1 ag https://www.consilium.europa.eu/ga/documents/public-register/.

[3] ST 14473/23 INIT ; ST 14473/23 ADD 1 ag https://www.consilium.europa.eu/ga/documents/public-register/

[4] ST 15877/24 INIT; ST 15877/24 ADD 1 ag https://www.consilium.europa.eu/ga/documents/public-register/.

mbeart lena mbaineann á mbaint amach go fóill an tráth céanna. Baineann an méid sin le sprioc 7 faoin mbeart Infheistíocht 1 (Feirmeoireacht orgánach), sprioc 8 faoin mbeart Infheistíocht 2 (Aistriú orgánach i gcistineacha poiblí), sprioc 9 faoin mbeart Infheistíocht 3 (Lárionaid nuálaíochta orgánaí) agus sprioc 10 faoin mbeart Infheistíocht 4 (Tionscadail orgánacha atá bunaithe ar phlandaí) faoi chomhchuid 2 (Aistriú glas na talmhaíochta agus an chomhshaoil), sprioc 33 faoin mbeart Infheistíocht 1 (Fuinneog infheistíochta) faoi chomhchuid 4 (An t-athchóiriú ar cháin ghlas), cloch mhíle 45 faoin mbeart Infheistíocht 2 (Tástáil forbartha ar phraghsáil ar bhóithre), sprioc 53 faoin mbeart Infheistíocht 6 (Scéim le haghaidh bonneagar do rothair leictreacha), agus spriocanna 51 agus 52 faoin mbeart Infheistíocht 7 (Infheistíochtaí i gcosáin rothar ar bhóithre stáit agus i scéim fóirdheontais rothar do bhardais) faoi chomhchuid 5 (Iompar inbhuanaithe de bhóthar), sprioc 94 faoin mbeart Infheistíocht 5 (Beart méadaithe: Éifeachtúlacht fuinnimh in earnáil na tionsclaíochta) agus cloch mhíle 78 faoin mbeart Athchóiriú 1 (Foireann Náisiúnta Géarchéime Fuinnimh (NEKST)) faoi chomhchuid 8 (REPowerEU). Ar an mbonn sin, d'iarr an Danmhairg go ndéanfaí na clocha míle, na spriocanna agus na bearta thuasluaite a leasú. Thairis sin, d'iarr an Danmhairg go mbainfí sprioc idirmheánach 14 faoin mbeart Athchóiriú 1 (Ithreacha atá ar mhórán carbóin) faoi chomhchuid 2 (Aistriú glas na talmhaíochta agus an chomhshaoil), sprioc idirmheánach 21 faoin mbeart infheistíocht 1 (Dóirí ola agus foirnéisí gáis a athsholáthar) agus sprioc idirmheánach 24 faoin mbeart Infheistíocht 2 (Éifeachtúlacht fuinnimh in earnáil na tionsclaíochta) faoi chomhchuid 3 (Éifeachtúlacht fuinnimh, téamh glas agus gabháil agus stóráil carbóin), agus spriocanna deiridh 15, 89 agus 94 á gcoinneáil mar atá. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(5) Mhínigh an Danmhairg nach féidir aon bheart amháin a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh, mar thoradh ar mhoilleanna nach raibh coinne leo. Baineann an méid sin le sprioc 15 d'Infheistíocht 2 faoin mbeart Athchóiriú 1 (Ithreacha atá ar mhórán carbóin) faoi Chomhchuid 2 (Aistriú glas na talmhaíochta agus an chomhshaoil). Ar an mbonn sin, d'iarr an Danmhairg leibhéal cur chun feidhme na sprice sin a laghdú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(6) Tar éis leibhéal cur chun feidhme sprioc 15 faoi bheart Athchóiriú 1 (Ithreacha atá ar mhórán carbóin) faoi chomhchuid 2 (Aistriú glas na talmhaíochta agus an chomhshaoil) a laghdú, d'iarr an Danmhairg freisin go n-úsáidfí na hacmhainní a saoradh chun leibhéal cur chun feidhme sprioc 43 faoi bheart Athchóiriú 1 (Athbheartú tosaíochta a dhéanamh ar cháin chlárúcháin feithiclí agus ar cháin íseal leictreachais ar luchtú feithiclí leictreacha) faoi chomhchuid 5 (Iompar inbhuanaithe de bhóthar) a mhéadú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(7) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an Danmhairg, go bhfuil údar maith leis na leasuithe de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241, agus gur cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

*Dáileadh cloch míle agus spriocanna*

(8) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun na leasuithe ar an bplean agus an amlíne tháscach a chuir an Danmhairg i láthair a chur san áireamh.

*Measúnú ón gCoimisiún*

(9) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

(10) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Danmhairg chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Danmhairge i ndáil le hábhartacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), (a), (b), (c), (d),(da), (db), (e), (f), (g), (h), (i), (j) agus (k).

***Measúnú dearfach***

(11) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

***Ranníocaíocht airgeadais***

(12) Is é EUR 1 812 081 282 costas iomlán measta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Danmhairge. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Danmhairg, maidir leis an ranníocaíocht airgeadais iomlán arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Danmhairge, ba cheart EUR 1 625 890 885 a bheith sa ranníocaíocht sin. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don Danmhairg.

(13) Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Danmhairge a leasú dá réir sin. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin ón gComhairle a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Danmhairge mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

‘Airteagal 1

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Danmhairge a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na

tionscadail infheistíochta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na clocha míle agus na spriocanna ábhartha a bhaineann le híocaíocht na tacaíochta airgeadais neamh- inaisíoctha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na gcloch míle agus na spriocanna beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

(2) cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*
*Seolaí*

Is chuig Ríocht na Danmhairge a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*